Scoil Naomh Eoin Baiste
Polasaí Frithbhulaíochta

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Scoil Naomh Eoin Baiste mar chuid de chód iompair iomlán na scoile ag brath ar chinneadh ó Chumann Múinteoirí Éireann maidir le freagracht múinteoirí ó thaobh eachtraí lasmuigh den scoil. Géilleann an beartas do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta a chosc agus a chomhrac.

(a) <u>Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil</u>:-

- Ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léiritear meas ar a chuimsitheacht;
- Ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamh-bhagrach; agus
- Ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile.

<u>(A) I Scoil Naomh Eoin Baiste cuireann na pointí seo a leanas le cultúr dearfach scoile</u>: -

- Glacaimid leis go bhfuil sé de cheart ag gach ball de phobal na scoile sásamh a bhaint as an scoil i dtimpeallacht sábhalta.
- Glacaimid le sainiúlacht gach duine agus a luach mar dhuine daonna.
- Cuirimid béasa dearfacha maidir le féin-mheas, féin-smacht agus freagracht i measc bhaill na scoile chun cinn.
- Cuirimid cosc láithreach ar iompar bharbartha, ionsaitheach nó seicteach ag aon bhall scoile.
- Cuirimid cothromaíocht chun cinn go ginearálta agus cothromaíocht inscne go príomha i ngach gné d'fheidhmiú na scoile.
- Tá an cumas againn athraithe a dhéanamh de réir riachtanaisí na ndaltaí.
- Aithnímíd gnéithe den Churaclam a chabhróidh dearcadh agus luachanna dearfacha a chothú ins na daltaí /ina bhféadfaidh tionchair dhearfacha a bheith aige ar luachanna agus dhearcadh na ndaltaí.
- Tugaimid aire faoi leith d'aon dalta/í a d'fhéadfadh a bheith 'i mbaol' agus usáidimid corás chun riachtanaisí a aithint agus eascú a dhéanamh ar luath-idirghabháil nuair is gá – sa tslí is go bhfreagróimid do riachtanaisí, cúis eagla nó imní na mball i slí mothálach/goilliúnach.

- Aithníonn SNEB an gá atá le comh-oibriú, i gcomh-pháirtíocht le tuismitheoirí agus iad a choiméad ar an eolas maidir le nósanna imeachta chun feabhas a chur ar ghaolmhaireachtaí laistigh de phobal na scoile.
- Aithnímíd cearta an tuismitheora cabhrú leis an dtasc scileanna saoil a thabhairt dá bpáiste(í).
- Aithnímíd an ról atá ag Eagraíochtaí eile agus iad ag deileáil agus ag cur cosc le bulaíocht.
- Molaimid béasa, meas ar a chéile, cúirtéis agus feasacht de idir-spléachas daoine i ngrúpaí agus i bpobail.
- Molaimid tréithe freagrachta sóisialta caoinfhulaingte agus tuisceanna i measc na mball scoile uile.
- Tá freagracht ar bhaill foirne, faoi stiúir an Príomh Oide, gníomhú chun bulaíocht a chosc ar aon bhall de phobal na scoile.

(B) Ceannaireacht Éifeachtach *:*

- Tá freagracht ar an mBord Bainistíochta chun a chinntiú go bhfuil an polasaí seo éifeachtach, inbhuanaithe agus tomhaiste. Caithfidh an Bord Bainistíochta a chinntiú go bhfuil ard-chaighdeán freagrachta i bhfeidhm agus na stráitéisí agus na smachtbhannaí a mheas go minic laistigh den bpolasaí.
- Tá ról soiléir ag an bhfoireann Bainistíochta In-scoile feidhmiú i ról cinnireachta laistigh de phobal na scoile, Cur-Chuige Scoile Uile a spreagadh chun cosc a chur le bulaíocht agus é a láimhseáil agus dea-shampla a thabhairt maidir le dea-chleachtas.
- Bíonn tionchar láidir ag an bPríomh Oide, mar phríomh-cheannaire ar dhearcadh phobal na scoile i leith na bulaíochta agus deineann sí caighdeán a leagadh síos nuair a bhítear ag deileáil le heachtraí bulaíochta.
- Caithfidh múinteoirí dea-shampla a thabhairt agus gan a n-údarás a usáid go mí-chuí, ach a bheith cothrom, soiléir agus seasmhach agus smacht-bhannaí á gcur i bhfeidhm acu.

(C) Cur Chuige Scoile Uile

- Tá gá le cur chuige Scoile Uile d'fhadhb na bulaíochta agus i Scoil Naomh Eoin Baiste is iad an Bhainistíocht, Múinteoirí, foireann neamh-theagaisc, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, Pobal na Scoile atá i gceist.
- Is féidir le h-iompar bulaíochta leathnú laismuigh den scoil. Má chuireann sé seo isteach i slí diúltach ar chúrsaí scoile – tá freagracht ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí tacaíocht a thabhairt don scoil chun cabhrú aghaidh a thabhairt ar an gcúis imní. (Baineann sé seo go príomha (ach ní amháin) le cibear bulaíocht.
- Beidh cabhair ag teastáil, i gcásanna áirithe, ó na Gardaí, Tusla agus Oibrithe Pobail
- Beidh gá le comh-fhaireachas i bpobal uile na scoile chun bulaíocht a aithint agus deileáil le cúiseanna imní i slí fhairéalta agus cothrom.
- Tabharfar cóip den bpolasaí seo do gach ball den bhfoireann teagaisc/scoile.

(D) Tuiscint i bpáirt faoi cad is bulaíocht ann agus faoin dtionchar is féidir a bheith aige.

Deineann SNEB iarracht córais oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil tuiscint i bpáirt ag pobal uile na scoile (tuismitheoirí, daltaí agus foireann & an pobal i gcoitinne) ar cad is iompar bulaíochta ann mar atá leagtha amach sa pholasaí seo. (Rannóg 2 & 3 de Ghnásanna Frith-Bhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna).

(E) Feidhmiú Stráitéisí Oideachais agus Coiscithe (lena n-áiritear bearta chun feasacht a mhúscailt)

- ionbhá,meas agus athléimneacht sna daltaí a chothú
- dul i ngleic go sonrach le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach
- féitheoireacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí

(F) Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí:

Tá dualgas ar leith ar bhaill foirne chun a chinntiú go bhfuil maoirseacht éifeachtach á dhéanamh ar na daltaí sa rang agus sa chlós.

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú, más féidir.

(G) Tacaíocht don fhoireann

- Plé rialta agus athbhreithniú ar pholasaithe agus nósanna imeachta riachtanach chun tacaíocht a thabhairt don bhfoireann ar bhonn rialta.
- Tuiscint aontaithe maidir le h-iompar bulaíochta a bheith ag gach ball foirne ar conas líomhaintí a bhainistiú agus conas deileáil go héifeachtach le h-eachtraí bulaíochta i gcomhthéacs an ranga.
- Tuiscint a bheith ag an bhfoireann gur gné tabhachtach é tacaíocht a thabhairt dá chéile chun bulaíocht a chosc. Caithfear gach seans a thabhairt do gach ball foirne nua/baill foirne nach bhfuil taithí acu chun cúiseanna imní a phlé agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm.
- Tacaíocht a thabhairt do gach ball foirne páirt a ghlacadh i bhforbairt Ghairmiúil leanúnach i leith Stráitéisí Frith-Bhulaíochta.

(H) Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid).

(I) Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí an bheartas frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile, s*eo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná **iompar diúltach neamhiarrtha**, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus **a dhéantar arís agus arís eile**.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó **teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas**, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis **de réir chód iompair na scoile.**

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*

- **Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: (féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile)*:**
    - Gach múinteoir
    - Príomhoide Tánaisteach
    - Príomhoide

4. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe, clár tacaíochta (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (Féach Roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*

- Pléitear an Polasaí Frithbhulaíochta le daltaí agus tugtar cóip den gCód Iompair/Polasaí Frithbhulaíochta do thuismitheoirí/caomhnóirí nuair a chláraíonn siad a leanbh/leanaí agus beidh sé seo le feiscint ar shuíomh idirlíne na scoile.
- I dtionóil i rith na bliana, cuirtear ábhar an pholasaí i gcuimhne do dhaltaí.
- Tá Polasaí Usáidte Inghlactha Idirlíne ag an scoil agus deintear monatóireacht éifeachtach ar usáid na teicneolaíochta sa scoil.
- Cuirtear na Cláir OSPS, Oideachas Caidrimh & Gnéasachta agus Bí Sábháilte i bhfeidhm go hiomlán sa scoil.
- Forbairt Ghairimiúl Leanúnach déanta ag foireann na scoile chun na cláracha seo a chur i bhfeidhm.
- Leanaí le Riachtanaisí Speisialta: - Tógfaidh an scoil a riachtanaisí san áireamh nuair a bheidh cláir a chur i bhfeidhm nó scileanna/stráitéisí á fhorbairt chun go mbeidís ábalta deileáil go cuí le deacrachtaí & rl.
- Cultúr a chothú ina moltar do gach dalta tuairisc a thabhairt maidir le heachtraí bulaíochta nach bhfuil aon bhaint acu leo. Tuigtear go bhfuilid ag déanamh an rud ceart má dheineann siad é seo.
- Má bhíonn comhairleoireacht nó tacaíochtaí breise ag teastáil ó dhaltaí déanfaidh an scoil gach iarracht dul i dteagmháil leis na heagrachtaí cuí chun iad seo a chur ar fáil. Déanfar teagmháil le NEPS chomh maith chun comhairle a fháil.
- Tabharfar tacaíocht in-scoile agus deiseanna do dhaltaí go bhfuil bulaíocht tar éis cur isteach orthu, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bheidh dírithe ar féin-mheas a fheabhsú, cairdeas agus scileanna soisialta a fhorbairt agus teacht aniar a chothú iontu. Déanfar é seo trí: -
- Múscailt Feasachta
- Beo go Deo
- Misneach
- Suíomh na Scoile fábharach
- Meas acu ar a chéile/Conradh ranga
- Féitheoireacht: Foireann na Scoile uile gníomhach ag faire amach do chomharthaí bulaíochta
- Úsáid Inghlactha na meáin shóisialta a shainmhíniú go soiléir do na leanaí
- Na leanaí a spreagadh cloí leis na rialacha scoile maidir le fóin póca agus usáid inghlactha an idirlíon
- Cúrsa Mindfulness á dhéanamh ó am go chéile
- Am Ciorcail
- Aoíchainteoirí
- An Clár Bí Sábháilte

5. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*

Is é an príomh-aidhm agus sin ag deileáil le heachtraí bulaíochta ná chun cúiseanna imní/deacrachtaí a réiteach, chun caidreamh na bpáirtithe atá i gceist a athbhunú chomh fada agus is féidir seachas an mhileán a chur ar éinne. Déanfar gach iarracht a chinntiú go dtuigeann gach éinne idir daltaí, Tuismitheoirí/Caomhnóirí an córas ó thús.

Ag Tuairisciú Iompar Bulaíochta

1. Is féidir le dalta, tuismitheoir/caomhnóir teacht go dtí an múinteoir ranga le heachtra(í) bulaíochta.
2. Déanfaidh an múinteoir cuí fiosrúcháin ar thuairiscí bulaíochta agus deileáilfidh sí/sé leo.
3. Ba cheart go dtabharfadh foireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta m.sh. Rúnaí, CRS, Glantóir, cúntas ar eachtraí bulaíochta atá feicithe acu, nó atá luaite ag duine eile leo, go dtí an múinteoir cuí.
4. Tabharfar le fios ó thús don dté atá ag déanamh líomhaint(í) go n-inseófar an scéal do thuismitheoirí an té go bhfuil líomhaint á chur ina leith agus go leanófar Polasaí Frithbhulaíochta na Scoile.
5. Ní dhéanfaidh an scoil fiosrúcháin mar gheall ar eachtraí a tharlaíonn laismuigh den scoil.

Fiosrúcháin agus Cur Chuige

- Déanfaidh an múinteoir ábhartha cinneadh bunaithe ar a b(h)reithiúnas proifisiúnta an eachtra bulaíochta atá i gceist nó nach ea. Déanfaidh sí/sé cinneadh conas is fearr a réiteofar an scéal.
- Beifear ag súil go ndéanfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí comh-oibriú leis na fiosrúcháin agus cabhrú leis an scoil teacht ar réiteach. Chomh fada agus is féidir, beifear ag súil athbhunú a dhéanamh ar chaidrimh na bpáirtithe chomh tapaidh agus is féidir.
- Ba cheart go mbeadh cur chuige chalma, fuarchúiseach ag an múinteoir agus é/í ag tabhairt fén bhfadhb a réiteach.
- Ba cheart go ndéanfaí na fiosrúcháin lasmuigh den seomra ranga, más féidir, chun a chinntiú go mbeadh príobháideachas ag gach duine atá bainteach leis an scéal.
- Nuair a bhíonn múinteoir ábhartha ag déanamh anailís ar eachtraí bulaíochta líomhainte, ba cheart freagraí a lorg ar: Cad a tharla? Cén áit? Cathain? Cé a dhein é? Cad ina thaobh?
- Más grúpa atá i gceist ba cheart go gcuirfí agallamh ar gach éinne ina n-aonar ar dtúis. Ansan ba cheart go mbuailfí le gach duine atá i gceist, mar ghrúpa. Iarrfar ar gach duine cúntas a thabhairt ar cad a tharla chun a chinntiú go mbíonn gach duine sa ghrúpa soiléir mar gheall ar ráitísí a chéile.
- Sa chás go ndeineann an múinteoir cinneadh <u>bunaithe ar a b(h)reithiúnas proifisiúnta</u> gur iompar bulaíochta atá i gceist, deánfar teangmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun iad a chur ar an eolas agus tabharfar míniú dóibh ar cad a tharlóidh (ag déanamh tagairt do Pholasaí Frithbhulaíochta na Scoile). Ba cheart go dtabharfaí deis dos na tuismitheoirí/caomhnóirí slite a phlé conas tacaíocht a thabhairt ar an mbeart a gcuirfidh an scoil i gcrích agus na tacaíochtaí a thabharfar dos na daltaí.

- Sa chás go rialaigh an múinteoir go raibh an dalta i mbun iompar bulaíochta, bunaithe ar a b(h)reithiúnas proifisiúnta, ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir do/di go bhfuil sé/sí tar éis Cód Iompair agus Bulaíochta na Scoile a bhriseadh. Ba cheart go ndéanfaí gach iarracht go dtuigfeadh an leanbh a dhein a bulaíocht, taobh an linbh go ndeineadh bulaíocht air/uirthi.
- San áit go bhfuil gá le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, ba cheart go dtabharfaí le fios go soiléir do gach dalta agus tuismitheoirí/caomhnóirí, gur rud príobháideach é seo idir an dalta go bhfuil smachtbhannaí á chur i bhfeidhm air/uirthi, a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí agus an scoil.

6. Gnásanna chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

Bulaíocht a Thaifeadadh

Déanfar na taifid a choiméad de réir na reachtaíochta ábhartha maidir le cosaint sonraí.

Tá sé ríthabhachtach go ndéanfar taifeadadh ar eachtraí bulaíochta go hoibíachtúil agus fíriciúil.

Is é seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le cúntas a choiméad agus tuairisciú a dhéanamh ar eachtraí bhulaíochta:

Neamhfhoirmiúil: - Réamhshocrú gur tharla eachtra bulaíochta

- Caithfidh gach ball foirne cúntas scríofa a choiméad ar eachtraí a chonaic siad nó a dúradh leo. Caithfear tuairisc a thabhairt ar gach eachtra don múinteoir cuí.
- Caithfidh an múinteoir ábhartha gach eachtra bulaíochta a scrúdú agus deileáil leo. Usáidfidh an múinteoir ábhartha a b(h)reithiúnas proifisiúnta maidir leis an gcúntas, cúntas scríofa a choiméadfar maidir leis an dtuairisc, na céimeanna a tógadh agus aon phlé a tharla leo siúd a bhí páirteach ann.
- Má shocraíonn an múinteoir ábhartha gur tharla bulaíocht, coinneoidh an múinteoir ábhartha taifead chuí i scríbhinn, lena gcabhrófar leis/léi na saincheisteanna a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe lena mbaineann a athbhunú, chomh fada agus is féidir.
- Caithfidh an múinteoir cuí an Príomhoide a choiméad ar an eolas faoi gach eachtra atá á fhiosrú.

Foirmiúil: - (Aguisín 3 Nósanna Imeachta ROS)

Caithfidh an múinteoir ábhartha taifead a dhéanamh ar an eachtra bulaíochta ag baint usáide as an teimpléad taifeadadh atá ceangailte leis seo, sna chásanna seo:-

(a) I gcásanna ina gceapann sí nach bhfuiltear tar éis deileáil le heachtraí i slí sásúil agus ceart, laistigh de 20 lá scoile, tar éis di deimhin a dhéanamh gur tharla iompar bulaíochta agus
(b) Caithfear gach eachtra d'iompar bulaíochta atá deimhnithe a thaifeadadh agus tuairisc a thabhairt láithreach don bPríomhoide nó don bPríomhoide Tánaisteach.
(c) Caithfidh an múinteoir cuí cóip a choiméad den dteimpléad thaifeadadh agus soláthrófar cóip don bPríomhoide nó don bPríomhoide Tánaisteach, mar is cuí .
(d) Coiméadfaidh múinteoirí cúntaisí in áit sábháilte ina seomra ranga.

Coiméadfar gach teimpléad tuairisce a dtugtar don bPríomhoide i gCód Chaibinéad an Phríomhoide.

7. Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu: (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):*

Beidh **Clár Tacaíochta i bhfeidhm do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu**. Beidh deiseanna acu a bheith rannpháirteach i ngíomhaíochtaí chun a bhféinmheas a mhéadú, a scileanna cairdis agus sóisialta a fhorbairt agus athléimneacht a chothú iontu nuair a bhíonn sé ag teastáil.

Beidh **clár tacaíochta do dhaltaí a bhí ag gabháil d'iompar bulaíochta** mar chuid don phróiséas idirghabhála scoile chomh maith ag usáid a lán dos na scéimeanna céanna.

Raghaidh an scoil i dteangmháil leis na heagraíochtaí cuí m.sh. (NEPS) má bhíonn gá ag dalta(í) le comhairliuchán.

Maoirseacht agus Monatóireacht

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais cuí mhaoirseachta agus mónatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc, chun deileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú, más féidir.

Ba cheart go dtuigfeadh gach dalta go bhfuil freagracht ar gach éinne má thárlaíonn bulaíocht agus go gcaithfear tuairisc a thabhairt don múinteoir maidir le heachtraí bulaíochta.

8. **An Ciapadh a Chosc**

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praicticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

9. Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo ag cruinniú ar an _____

10. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, tá sé ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

11. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú **uair amháin i ngach scoilbhliain**. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, beidh sé seo foilsithe ar shuíomh idirlíne na scoile. Cuirfear é ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí é ar iarratas agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínithe: *Catríona Ní Fhallúin* Síniú: *Áine Uí Loingsigh*
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) (Príomhoide)

Dáta: 11/10/2022 Dáta: 11/10/2022

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: Scoilbhliain 2023-2024

Faomhadh an Phatrúin

Dhein Oifig Oideachais Naomh Sheanáin faomhadh ar an bPolasaí seo ar son an Phatrúin, an t-Easpag Réamonn de Brún